SCÉIM TOSAÍOCHTA BUS NA PÁIRCE MÓIRE

NUACHTLITIR - EAGRÁN UIMH. 4

29ú Márta 2024

FÁILTE CHUIG AN CEATHRÚ EAGRÁN DE NUACHTLITIR SCÉIM TOSAÍOCHTA BUS NA PÁIRCE MÓIRE

Tá tógáil scéim Tosaíochta Bus na Páirce Móire ar siúl ón 19ú Feabhra agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh maidir le hoibreacha ag Acomhal Mhuine Mheá agus Corrán Bhaile an Bhriotaigh. Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na hoibreacha atá beartaithe do na 4 seachtaine amach romhainn:-

Oibreacha seala lae:

- Leanfar leis na hoibreacha ar chosán an Oirthir, limistéar Chéim 3 atá aibhsithe i ngorm go ceann 4 seachtaine. Beidh oibreacha dírithe ar chur isteach colbha agus oibreacha bailchríche cosáin choincréit. Nuair a bheidh na hoibreacha bailchríche déanta i gCéim 3 tá sé beartaithe athrú chun oibreacha bailchríche a chríochnú ar an gcosán eile i gCéim 2.
- Tá Príomhdhraein Stoirm agus oibreacha duchtála críochnaithe i gCéimeanna 1-4 agus tá sé ag dul ar aghaidh go Céim 5.
- Beidh bearta sealadacha bainistíochta tráchta, lena n-áirítear dúnadh lána as an mbuaic-lána agus atreorú sealadach coisithe agus rotharbhealaí, i bhfeidhm timpeall na limistéar oibreacha freisin, de réir mar is gá.



Oibreacha seala oíche:

- Beidh oibreacha seala oíche ar siúl i Réimsí Céime 5 agus 6 ón 8ú Aibreán go dtí an 3ú Bealtaine.
- Beidh oibreacha seala oíche ar siúl ó 6.30pm sa tráthnóna go dtí thart ar 6.00am an mhaidin dar gcionn.
- Beidh gá le bearta bainistíochta tráchta sealadacha Chnoc Mhaoil Drise go Bóthar na Páirce Móire chun na hoibreacha a éascú.
- Beidh malairtí sealadacha coisithe agus rotharbhealaigh i bhfeidhm timpeall na gceantar oibreacha de réir mar is gá.

Oibreacha Saoire na Cásca:

- Tá sé beartaithe ag JCEL leanúint ar aghaidh leis na hoibreacha thar thréimhse na Cásca de réir mar a laghdófar an méid tráchta. Beidh oibreacha seala lae ar siúl ón Máirt 2ú Aibreán go dtí an Aoine 5ú Aibreán.

Oibreacha Chorráin Bhaile an Bhriotaigh (Oibreacha Seala Lae):

- Tá oibreacha ag dul chun cinn i gceantar Chorráin Bhaile an Bhriotaigh (Aibhsithe i Bándearg) le suiteáil umar maolú, mórchóircré agus oibreacha draenála agus duchtála 95% críochnaithe.
- Beidh oibreacha sna 4 seachtaine amach romhainn ag díriú ar shuiteáil colbha agus silteáin, suiteáil scáthlán bus agus oibreacha bailchríche cosáin.
- Tá sé beartaithe tírdhreachú a chur i gcrích go déanach i mí Aibreáin/go luath i mí na Bealtaine, ag brath ar an aimsir.
- Coinneofar an dá bhealach isteach chuig Corráin Bhaile an Bhriotaight don chuid is mó de na hoibreacha, ach beidh tréimhsí ann ina mbeidh gá le bealach isteach amháin a dhúnadh chun tógáil na dtrasrianta nua coisithe a éascú.



Chun tuilleadh eolais a fháil: Déan teagmháil linn Jons Civil Engineering 0860835461 nó donalkelly@jonscivil.ie